



Making a Will (Irish)



Tá an bhileog seo á heisiú ag Dlí-Chumann Thuaisceart Éireann.

Níl inti ach eolas ginearálta. Má bhíonn ceist áirithe agat ar mhaith leat a phlé, moltar duit dul i dteagmháil le do dhlíodóir féin leis an chomhairle chuí dlí a fháil. Ní ghlacfaidh Dlí-Chumann Thuaisceart Éireann le haon dlíteanas ar bith as aon chinneadh a dhéanann duine chun rud a dhéanamh nó gan a dhéanamh, agus iad ag brath ar atá nó nach bhfuil sa bhileog seo.

Dlí-Chumann Thuaisceart Éireann
Teach an Dlí-Chumainn
96 Sráid Victoria
BÉAL FEIRSTE BT1 3GN
Guthán: 028 9023 1614
www.lawsoc-ni.org

Produced in association with



Queen's University
Belfast

The Law Society wishes to thank Órla McGrory from Queen's University Belfast who translated this leaflet.

Uacht a Dhéanamh



Má tá tú ag smaoineamh ar do chuid gnóthaí a chur in ord trí uacht a dhéanamh, cuideoidh an bhileog eolais seo leat trí na roghanna atá agat a mhíniú duit. Tá rannóga istigh ann ina mínítear na fáthanna arbh fhiú uacht a dhéanamh, chomh maith leis na ceisteanna ar chóir duit smaoineamh orthu. Beidh do dhlíodóir ábalta comhairle a thabhairt duit maidir le haon cheann ar bith de na ceisteanna a thagann chun solais sa bhileog seo.

UACHT A DHÉANAMH

Ní féidir cinnte a dhéanamh go ndéanfar do thoil i ndiaidh éag duit ach trí uacht a dhéanamh. Mura bhfuil uacht déanta agat, is féidir go rachaidh d'eastát chuig duine nach raibh tú ag iarraidh á fháil. Ní amháin sin, ach mar gheall ar reachtaíocht a bhaineann le cáin oidhreachta, mura bhfuil na hullmhúcháin chúfí déanta agat, is féidir go mbeidh cáin á gearradh ar chuid mhór dá bhfuil fágtha i do dhiaidh agat.

Baineann déanamh uachtanna le níos mó ná do chuid sócmhainní a thabhairt do dhuine éigin eile. Is féidir socruithe áirithe sochraide a chur leis an uacht chomh maith. Mar shampla, is féidir adhlacadh, créamadh nó úsáid do choirp ar mhaithe le taighde leighis a shonrú i d'uacht. Seans gur mhaith leat caomhnóir dlíthiúil a cheapadh do do pháistí mionaoiseacha ar eagla go n-éagann tú féin agus do pháirtí sula mbíonn ocht mbliana déag d'aois sroichte acu.

Rud tábhachtach eile is ea é seiceadóirí a cheapadh. Is iad seo na daoine a bheidh ag plé le d'eastát i ndiaidh do bháis. Smoaineamh maith atá ann comhairleoir gairmiúil, nó cara nó ball teaghlaigh a bhfuil féith an ghnó iontu a cheapadh. Is féidir níos mó ná seiceadóir amháin a cheapadh, mar shampla, ball teaghlaigh agus duine gairmiúil ar féidir leo beirt oibríú le chéile.

Má tá sócmhainní gnó nó feirmeoireachta agat, tá sé ríthábhachtach go bhfaigheann tú comhairle ghairmiúil agus go bpléitear iad seo ar an dóigh is fearr ó thaobh cánach de.

Cáin is ea í cáin oidhreachta a íoctar i ndiaidh éag duit ar d'eastát agus ar chuid de na sócmhainní atá tugtha agat do dhaoine eile le linn do shaoil. De réir na reachtaíochta reatha, má fhágann tú eastát ar fiú níos lú ná an "banda ráta nialasach" (£325,000 don

bhliain chánach 2012/2013), ní bheidh ar do chuid tairbhíthe cáin oidhreachta a íoc. Más fiú d'eastát níos mó ná an tairseach seo, áfach, **seans go mbeidh cáinoidhreachta** iníoctha. Is féidir tuilleadh sonraí a bhaineann le cáin oidhreachta a fháil ar shuíomh gréasáin Choimisinéirí Ioncaim agus Custaim na Banríona, www.hmrc.gov.uk/inheritancetax/index.htm

Bealach amháin le cáin oidhreachta a sheachaint is ea é do chuid sócmhainní a fhágáil do do chéile nó do pháirtí sibhialta, óir beidh siadsan díolmhaithe ón cháin. Tá díolúine eile ann maidir le sócmhainní a fhágtar do charthanachtaí na Ríochta Aontaithe nó an Aontais Eorpaigh. Is féidir le céilí nó le páirtithe sibhialta tairbhe a bhaint as bandaí ráta nialasach sa dóigh is go dtig leo méid dúbailte cibé banda ráta nialasach atá i bhfeidhm nuair a éagann tú a fháil má fhágann tú do chuid sócmhainní ar fad dóibh. Ní bhaineann siad seo, áfach, le lánúineacha nach bhfuil ach ina gcónaí le chéile.

Ábhar casta is ea é cáin oidhreachta agus má tá eastát mór agat, ba chóir duit comhairle ghairmiúil a fháil ó do dhlíodóir nó ó shainchomhairleoir cánach.

Tá sé tábhachtach athbhreithniú a dhéanamh ar d'uacht ar bhonn rialta- uair amháin gach cúig bliana, más féidir. Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar d'uacht i ndiaidh aon athrú mór i d'ímthosca teaghlaigh (**bás, colscaradh nó féimheacht ina measc**) nó i ndiaidh aon athrú atá fógartha sa reachtaíocht chánach.

CÉIMEANNA CHUN UACHT A DHÉANAMH

1. Ullmhaigh liosta sócmhainní agus dlíteanas (comhshócmhainní ina measc) le go dtig le do dhlíodóir luach d'eastáit a mheas agus comhairle a thabhairt duit maidir le haon rud ar féidir leat a dhéanamh chun cáin a shábháil.
2. Scríobh síos ainmneacha agus seoltaí baile iomlána na ndaoine ar mhaith leat a bheith mar sheiceadóirí ar d'uacht agus mar chaomhnóirí dlíthiúla de do pháistí mionaoiseacha.
3. Déan nóta den dóigh ar mhaith leat d'eastát a roinnt agus cinntigh go bhfuil na socruithe cuí déanta agat do do theaghlach agus do do chairde. Déan liosta dá n-ainmneacha agus dá seoltaí baile iomlána ar mhaithe le do dhlíodóir.